



| | | |
|--|---|--|
| Preasráiteas Press Release 23.11.2020 | Tuilleadh eolais: gaeilgeiorrais@gmail.com 097-29023 | *Leagan Béarla ar lch. 3 / English summary on pg 3. |
|--|---|--|

Canúintí Ghaeilge Iorrais: Liosta Acmhainní ar fáil anois

Tá dréacht de liosta acmhainní a bhaineann le canúintí Ghaeilge Iorrais le foilsiú ar shuíomh gréasáin www.gaeilgeiorrais.ie an tseachtain seo.

Bhíodh suas le seacht gcanúint á labhairt in Iorras fadó, dar leis an staraí áitiúil, Pádhraic S. Ó Murchú (Turas Siar). Ina measc tá, mar shampla, canúintí Dhún Chaocháin i dtuaisceart an limistéir (Ceathrú Thaidhg, Ros Dumhach), canúint Dhumha Locha/Dhumha Thuama i ndeisceart an limistéir, canúint an Fháil Mhóir/Glais/Tóin na hOlltaí, canúint Inis Gé agus Gaeilge Chartúir/An Mhullaigh Rua/Thrán, ar leithinis an Mhuirthead.

Tugtar samplaí sa liosta acmhainní seo d'fhoinsí éagsúla atá foilsithe nó craolta go dtí seo faoi nó i gcanúintí áitiúla na Gaeilge i nGaeltacht Iorrais. I measc na seod atá luaite sa liosta seo, a léiríonn an saibhreas agus an éagsúlacht teanga sa limistéar, tá saothar iomráiteach Mhig Uidhir, *'Fánaíocht i gContae Mhaigh Eo,'* taisce teanga agus béaloidis Uí Chatháin agus Uí Sheighin *'A Mhuintir Dhú Chaocháin Labhraigí Feasta!'*, staidéar teangeolaíoch Mhic an Fhailigh *'The Irish of Erris,'* cartlann fhairsing Turas Siar, stór logainmneacha agus oidhreachta Mhic Graith agus Ní Ghearraigh *'Logainmneacha agus Oidhreachta Dhún Chaocháin'* agus cartlann Raidió na Gaeltachta, gan ach cúpla ceann a lua.

Tá thart ar 130 tagairt iomlán sa dréachtliosta go dtí seo atá leagtha amach de réir ábhair i seacht rannóg difriúil (m.sh. foinsí teangeolaíochta, foinsí béaloidis, ábhar próis, amhránaíocht agus filíocht, logainmneacha, staid na Gaeilge agus acmhainní breise ón idirlíon). Cé go mb'fhéidir go bhfuil cuma cineál acadúil ar an liosta cuimsitheach seo ar an gcéad amharc, tá éagsúlacht mhór ábhar mar chuid de - ailt, ábhar fuaime agus físe, leabhair - i mBéarla agus i

nGaeilge agus in oiriúint don chainteoir dúchais, do scoláirí agus do lucht spéise níos leithne araon. Tá an liosta leagtha amach sa gcaoi is gur féidir breis eolais a fháil ar fhoinsí áirithe ach na hipearnaisc ghorma a bhrú.

Chuir meitheal de thriúr tús leis an obair seo atá á comhordú ag Gaeilge Iorrais. Tá siad an-bhuíoch don dream a thug cúnamh, spreagadh agus eolas go dtí seo. Seo mar a labhair Liam Mac Congáil, príomhúdar an liosta, faoin saothar tábhachtach seo:

Le cúpla bliain anuas is iomaí duine a chuir fáirnis liom faoi acmhainní a bhaineann le canúint Iorrais; cé na leabhra is fearr lena foghlaim, an bhfuil mórán scríofa inti, cén áit a bhfaighfí taifeadaí daoithe? Is é an freagra a bhíodh agam ar na ceisteanna seo ná go raibh go leor acmhainní ann ach go raibh siad scaipthe thall agus abhus – ba doiligh teacht orthu. Go deimhin, go dtí le gairid bheadh stró an domhain ar dhuine a mba mhian leis ceann de fhochanúintí na háite a shealbhú mura gcaitheadh sé tamall maith sa nGaeltacht féin i gcuideachta na gcainteoirí dúchais.

Is éard atá sa liosta seo ná soiléiriú ar a bhfuil d'acmhainní a bhaineann le canúintí Iorrais. Tá réimse mór ábhair ann a gcuirfidh daoine suim ann, bíodh siad ag foghlaim na teanga nó bíodh sí acu cheana féin. Dá gcaitheadh duine leathuair in aghaidh an lae ag plé le cuid den ábhar seo, d'éireodh leis an chanúint a thabhairt leis gan mórán moille, idir bhlas agus foclóir.

Cuir Laoise Ní Dhúda, oifigeach pleanála teanga le Gaeilge Iorrais, leis an méid sin:

Is mian linn an pobal sa bhaile agus i gcéin a spreagadh le suim a chur sa chuid thábhachtach seo dár n-oidhreacht. Tugann muid aitheantas mar is ceart do lucht labhartha na gcanúintí Gaeilge an taobh seo tíre agus don saothar fairsing atá le fáil dá réir sin agus muid ag súil le mórtas a chothú sna canúintí sainiúla Gaeilge a labhraíodh agus atá á labhairt sa Ghaeltacht seo go fóill.

Tá an cháipéis oibre seo ar fáil go poiblí anois ag

<http://www.gaeilgeiorrais.ie/index.php/canuinti-local-dialects>. Cuirfear leis an liosta de réir mar a thagann foinsí eile chun solais. Fáilte romhat a bheith i dteagmháil le gaeilgeiorrais@gmail.com chun saothar eile a mholadh don liosta seo nó chun aon aiseolas ábhartha eile a roinnt air.

Local Dialects of Erris Irish: List of Resources Now Available

A list of resources pertaining to local dialects of Irish in the Erris Gaeltacht will be published this week on the Gaeilge Iorrais website www.gaeilgeiorrais.ie

Up to seven dialects of Irish were spoken in Erris *fadó*, according to local historian Pádhraic S. Ó Murchú of Turas Siar. These include, for example, dialects of Dún Chaocháin in the north of the barony (Ceathrú Thaidhg and Ros Dumhach), Dumha Locha/Dumha Thuama dialect in southern Erris and other examples on the Mullet peninsula including the dialect of Inis Gé islanders, dialect of townlands Fál Mór/Glais/Tóin na hOlltaí, and also Cartúir/An Mullach Rua/Trán.

Examples are cited on this list of various sources and resources which have been published or broadcast to date about or in these local dialects of Erris Irish. Some of the more widely known resources on this topic include, for example, Séamus Mag Uidhir's '*Fánaíocht i gContae Mhaigh Eo*', Ó Catháin and Uí Sheighin's '*A Mhuintir Dhú Chaocháin Labhraigí Feasta!*', Mhac An Fhailigh's linguistic study *The Irish of Erris*, the extensive local archive of Turas Siar, '*Logainmneacha agus Oidhreacht Dhún Chaocháin*' and Raidió na Gaeltachta archive, to name but a few.

Approximately 130 references are cited to date and organised into 7 different sections according to subject matter (for example, linguistic resources, folklore, prose, poetry and song, placenames, sociolinguistics and further internet resources). This extensive list may seem somewhat academic at first glance, but there is much variety in the content listed – articles, archived sound recordings, audiovisual material, books – in English and in Irish, which may be of interest to native speakers, students and also the wider community. Further information is also available on certain sources by clicking on the given hyperlink.

A working group of three researchers undertook this project, which is being co-ordinated by Gaeilge Iorrais. They are most grateful to those who offered assistance, information and encouragement to date. This is how Liam Mac Congáil, the main author of the list, spoke about this important work:

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·
Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon,
Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

Over the past few years many people have asked me about resources relating to Erris Irish: what are the best books for learning it, is there much written in it, where would one find recordings of the dialect? My go-to answer has been that there are many resources but they are scattered here and there – it's difficult to find them. Indeed, until recently you'd be hard pressed to learn one of the local sub-dialects if you weren't able to spend a reasonable amount of time in the Gaeltacht in the company of native speakers.

With this list, we aim to document all of the resources relating to the language in Erris. There's a wide range of subject matter to interest everyone; those who are learning the language and those who already speak it. If one were to spend just half an hour each day working with some of the materials listed, they'd succeed in picking up the local dialect, accent and vocabulary, without delay.

Laoise Ní Dhúda, local language planning officer, added the following:

We hope to encourage those at home and abroad to take an active interest in this important part of our linguistic and cultural heritage. We give due recognition to those who speak these unique local dialects of Irish which were spoken and continue to be heard in our Gaeltacht area, and also hope to inspire others to do so.

This working document is now available at <http://www.gaeilgeiorrais.ie/index.php/canuinti-local-dialects> Please get in touch by emailing gaeilgeiorrais@gmail.com if you have any feedback or relevant suggestions on this matter.